Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2025
(OR. en)

9619/1/25
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0091 (BUD)

BUDGET 15

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad ginearálta 2025: Barrachas ón mbliain airgeadais 2024 a iontráil: An Seasamh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2025 |

## I. RÉAMHRÁ

An 9 Aibreán 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad ginearálta 2025 maidir le buiséadú an bharrachais a eascraíonn ó chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain 2024[1].

Tar éis cur chun feidhme na bliana airgeadais 2024, tá *barrachas* EUR 1 344.53 milliún a eascraíonn ón méid a leanas:

(a) olltoradh deimhneach *sa chuid sin den bhuiséad a bhaineann le hioncam* (+EUR 1 071.99 milliún) mar a leanas:

- Teideal 1 (Acmhainní dílse): -EUR 123.13 milliún
- Teideal 2 (Barrachais, iarmhéideanna agus coigeartuithe): + EUR 36.19 milliún
- Teideal 3 (Ioncam riaracháin): + EUR 83.78 milliún

[1] 7817/25.

- Teideal 4 (Ioncam airgeadais,
  ús mainneachtana agus fíneálacha): +EUR 1 210.71 milliún

- Teideal 6 (Ioncam, ranníocaíochtaí
  agus aisíocaíochtaí a bhaineann le beartais an Aontais): -+ EUR 135.55 milliún

(b) cur chun feidhme easnamhach ó thaobh chaiteachas an bhuiséid de (- EUR 272.54 milliún), go háirithe:

- leithreasuithe a údaraíodh i mbuiséad 2024
  (an Coimisiún agus institiúidí eile): -EUR 77.84 milliún

- leithreasuithe a tugadh anonn ó
  bhlianta roimhe sin (an Coimisiún agus institiúidí eile): -EUR 151.06 milliún

- athruithe sa ráta malartaithe ar chaiteachas: -EUR 43.63 milliún

Le buiséadú an bharrachais sin, laghdófar dá réir ranníocaíocht fhoriomlán na mBallstát le maoiniú bhuiséad an Aontais in 2025.

## II. CONCLÚID

An 16 Meitheamh 2025, ghlac an Chomhairle an seasamh uaithi maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta do 2025, mar a leagtar amach é san iarscríbhinn theicniúil a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an meabhrán míniúcháin seo.